II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/408 ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Márta 2020

lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Nollaig 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/798/CBES ([1]) maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir.

(2) An 31 Eanáir 2020, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2507 (2020), lena leathnaítear na díolúintí ón trádbhac arm.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/798/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (g) d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 2013/798/CBES:

"(g) arm ag a bhfuil calabra 14.5 mm nó níos lú agus armlón agus comhpháirteanna atá saindeartha do na hairm sin agus feithiclí míleata talún neamharmtha agus feithiclí míleata talún a bhfuil airm feistithe orthu ag a bhfuil calabra 14.5 mm nó níos lú a dhíol le fórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta forfheidhmithe dlí an stáit, nó na nithe sin a sholáthar dóibh, a aistriú nó a onnmhairiú chucu, i gcás ina mbeidh na hairm, an t-armlón, na comhpháirteanna agus na feithiclí sin beartaithe go heisiach lena n-úsáid i bpróiseas athchóirithe earnáil slándála Phoblacht na hAfraice Láir nó chun tacú leis an bpróiseas sin, faoi mar a cuireadh in iúl roimh ré don Choiste;".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

([1]) Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51).